

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Junior **CYCLE** for teachers

Leabhrán Acmhainní

Tíreolaíocht

Cnuasghrúpa
2017-2018



Clár an Ábhair

Gluais na dTearmaí	3/4
Ráitis Foghlama	5
Príomhscileanna don tSraith Shóisearach	6/7/8
Struchtúr na Sonraíochta do Thíreolaíocht na Sraithe Sóisearaí	9
Feasacht Tíreolaíochta	9
Na Gnéithe	10
Torthaí Foghlama laistigh de na 3 Shnáithe	11/12/13
Torthaí Foghlama a spíonadh amach	14
Aonad Oibre – Mise agus ‘Abhainn na Laoi’	15/16
Athmhachnamh ar Thíreolaíocht na Sraithe Sóisearaí: Pleananna Gníomhaíochta	17
Príomhstraitéisí agus Acmhainní	18/19
Tíreolaíocht na Sraithe Sóisearaí	20

Gluais na dTéarmaí

Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (Creat don tSraith Shóisearach 2015 l. 46)

Beidh tuairisc sa PGSS ar ghnóthachtáil scoláire i ngach réimse cuí foghlama lena n-áirítear Ábhair, Gearrchúrsaí, Folláine, Aonaid Tosaíochta Foghlama agus Réimsí foghlama eile. Tarraingeoidh an PGSS as gnóthachtáil trasna na ngnéithe measúnaithe uile agus beidh tuairisc inti fúthu sin, lena n-áirítear measúnú leanúnach, foirmitheach; Measúnuithe Rangbhunaithe agus gráid CSS a chuimsíonn torthaí ó scrúduithe stát-teistithe agus ó na Tascanna Measúnaithe.

Beidh leagan amach ag an PGSS a shocrófar ar bhonn náisiúnta. Is í an scoil a chuirfidh le chéile í agus gheobhaidh na scoláirí í san fhómhar tar éis an tríú bliain, nuair a bheidh na torthaí measúnaithe uile ón CSS agus ón scoil ar fáil agus dearbhaithe.

Measúnuithe Rangbhunaithe (Treoirlínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe agus don Tasc Measúnaithe 1.8)

Is é an cur síos is fearr ar na Measúnuithe Rangbhunaithe gurb iar na hócáidí iad nuair a dhéanann an múinteoir measúnú ar na scoláirí ag úsáid na dtascanna ar leith a bhíonn leagtha amach i sonraíocht an ábhair. Bíonn cur síos soiléir ar na tascanna, agus ar na critéir mheasúnaithe chun cabhrú le breithiúnas an mhúinteora. Faightear na critéir sna Gnéithe Cáilíochta a bhíonn nasctha le gach Measúnú Rangbhunaithe. Cé go bhfuil an measúnú seo cosúil leis an measúnú foirmitheach a tharlaíonn gach lá sa seomra ranga, i gcás an mheasúnaithe rangbhunaithe déantar breithiúnas an mhúinteora a thaifead le haghaidh an Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, agus úsáidtear é i dtuairisc na scoile chuig na tuismitheoirí agus na scoláirí.

Tasc Measúnaithe (TM) (Treoirlínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe agus don Tasc Measúnaithe 1.16)

Is teist scríofa é an Tasc Measúnaithe a dhéanann scoláirí le linn am ranga, nach marcálann an múinteoir ranga, ach a chuirtear ar aghaidh chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit le haghaidh a mharcála. Is í an CNCM a shaineoidh an Tasc Measúnaithe agus beidh baint aige leis na torthaí foghlama ar a mbíonn an dara Measúnú Rangbhunaithe (MRB) bunaithe.

Gnéithe Cáilíochta (Gluais Téarmaí an CNCM)

Is ráitis iad na gnéithe cáilíochta sna sonraíochtaí ábhar nó gearrchúrsaí a chabhraíonn leis an múinteoir breithiúnais a dhéanamh ar cháilíocht obair scoláirí chun gráid ghnóthachtála a bhronnadh don teistiúchán. Ó tharla go mbíonn dlúthbhaint ag critéir ratha le hintinní foghlama agus go mbíonn siad bunaithe ar phróisis sa seomra ranga ó lá go lá, is de réir a chéile a léireodh foghlaim scoláirí na riachtanais atá leagtha amach sna gnéithe cáilíochta a úsáidtear le haghaidh teistiúcháin.

Measúnú Foirmitheach (Creat don tSraith Shóisearach 2015 l. 35-36)

Beidh comhtháthú leanúnach an mheasúnaithe fhoirmithigh mar ghnáthchuid den teagasc agus den fhoghlaim i seomraí ranga mar bhonn agus mar thaca ag an tSraith Shóisearach. Sa mheasúnú foirmitheach déanann idir mhúinteoirí agus scoláirí machnamh ar an gcaoi a bhfuil an fhoghlaim ag dul ar aghaidh agus socraíonn siad cad iad na chéad chéimeanna eile chun torthaí rathúla a chinntiú. Cuid dhílis den mheasúnú foirmitheach is ea an t-aiseolas a thugann múinteoirí dá gcuid scoláirí. Trí réimse gníomhaíochtaí measúnaithe cabhraíonn an múinteoir leis an scoláire a aithint cad é atá bainte amach acu agus cén áit a bhfuil tuilleadh foghlama agus forbartha le déanamh. Chun an cineál foghlama a luaitear thuas a éascú, tiocfaidh forbairt ar ról an mhúinteora agus ar dhinimic an chaidrimh idir múinteoir agus scoláirí. Cuirfidh múinteoirí níos mó béim ar mheasúnú a shní isteach ina gcuid teagasc ionas gur fearr an mhonatóireacht a dhéanfaidh siad ar an dul chun cinn i bhfoghlaim na scoláirí agus go n-aithneoidh siad conas is féidir leo cabhrú le scoláirí machnamh agus anailís chriticiúil a dhéanamh ar a gcuid foghlaim féin.

Measúnú Suimitheach (Gluais Téarmaí an CNCM)

Measúnú suimitheach a bhíonn i gceist nuair a úsáidtear é chun foghlaim scoláire a mheas ag deireadh an phróisis teagaisc nó tréimhse foghlama. Is í an aidhm atá leis achoimre a dhéanamh ar ghnóthachtáil na scoláirí agus a dhearbhu cé acu a léirigh na scoláirí cá mhéad a léirigh siad tuiscint ar an bhfoghlaim sin i gcomparáid le na critéir ratha nó gnéithe cáilíochta a comhaontaíodh.

Torthaí Foghlama agus Intinní Foghlama (Gluais Téarmaí an CNCM)

Torthaí Foghlama: Is ráitis iad torthaí foghlama i sonraíochtaí curaclaim a chuireann síos ar an tuiscint, na scileanna agus na luachanna a ba chóir do scoláirí a bheith in ann a léiriú i ndiaidh tréimhse foghlama.

Intinn Foghlama: Is ráiteas é intinn foghlama do cheacht, nó do shraith de cheachtanna, a chruthaíonn an múinteoir agus a chuireann síos go soiléir ar an méid a ba mhaith leis an múinteoir a bheith ar eolas ag scoláirí, a thuigfidh siad nó a bheidh siad in ann a dhéanamh de thoradh gníomhaíochtaí foghlama agus teagaisc.

Critéir Ratha (Gluais Téarmaí an CNCM)

Tá nasc idir critéir ratha agus intinní foghlama. An múinteoir agus/nó na scoláirí a chumann iad agus cuireann siad síos ar an gcuma a bheadh ar iarracht rathúil. Cuidíonn siad leis an múinteoir agus leis an scoláire, breithiúnais a dhéanamh ar chaighdeán foghlama scoláirí.

Cruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ) (Creat don tSraith Shóisearach 2015 l. 39-40)

I gcruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, déanfaidh múinteoirí samplaí dá gcuid measúnuithe ar obair scoláirí a roinnt agus a phlé agus tiocfaidh siad ar chomhthuiscint faoi cháilíocht foghlama scoláirí. Beidh gach cruinniú don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair sainiúil don ábhar agus díreoidh siad ar an Measúnú Rangbhunaithe a dhéanann an bliainghrúpa áirithe sin.

Feasacht Tíreolaíochta (Sonraíocht Churaclaim do Thíreolaíocht na Sraithe Sóisearaí l. 14)

Solathraíonn coincheap na Feasachta Tíreolaíochta eolas ar fáil don tsonraíocht í féin. Baineann an coincheap sin le cumas scoláirí chun teacht ar chinntí móra trí smaointeoireacht agus trí réasúnaíocht tíreolaíochta. Is í an Fheasacht Tíreolaíochta a thugann creat don tuiscint sa tíreolaíocht agus bíonn sí fite fuaite ar fud na foghlama agus an teagaisc sa tíreolaíocht. Is iad na trí 'I' na croí-chomhpháirteanna den Fheasacht Tíreolaíochta:

- Idirghníomhaíochtaí
- Idirnaisc
- Impleachtaí.

Gnéithe/Eilimintí (Sonraíocht Churaclaim do Thíreolaíocht na Sraithe Sóisearaí l. 15)

Cuireann na gnéithe seo bonn eolais faoin gcaoi a mbeidh scoláirí ag plé leis na torthaí foghlama laistigh de na snáitheanna. Is trí bhíthin na n-eilimintí seo a thiocfaidh scoláirí isteach ar na torthaí foghlama:

1. Próisis, patrúin, córais agus scála
2. Scileanna Tíreolaíochta
3. Inbhuanaitheacht.

Is féidir teacht ar níos mó eolais agus acmhainní ar shuíomh gréasáin SSM: www.jct.ie

Ráitis Foghlama

Cá mhinice a bhíonn na Ráitis Foghlama á bplé i do chuid ranganna Tíreolaíochta?

Cuir tic sa bhosca ✓

Ráitis foghlama	Go rialta	Uaireanta	Go hannamh
RF 6: Tuigeann an scoláire an chaoi a gcuireann luachanna, creidiúintí agus traidisiúin éagsúla leis na pobail agus leis an gcultúr ina maireann sé/sí agus tá meas aige/aici orthu.			
RF 7: Tá meas ag an scoláire ar a bhfuil i gceist le bheith ina shaoránach gníomhach, le cearta agus dualgais i gcomhthéacsanna áitiúla agus i gcomhthéacsanna níos leithne.			
RF 8: Tá meas ag an scoláire ar an oidhreacht áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta agus tuigeann sé/sí an tábhacht atá ag an ngaol idir eachtraí atá thart agus eachtraí reatha, agus tábhacht na bhfórsaí is cúis le hathrú.			
RF 9: Tuigeann an scoláire bunús agus tionchar ghnéithe sóisialta, eacnamaíochta agus comhshaoil an domhain timpeall air/uirthi.			
RF 10: Tá an fheasacht, an t-eolas, na scileanna, na luachanna agus an t-inspreagadh ag an scoláire le maireachtáil go hinbhuanaithe.			
RF 16: Déanann an scoláire cur síos ar phatrúin agus ar choibhneasa agus déanann sé/sí iad a léiriú, a léirmhíniú, a thuar agus a mhíniú.			
RF 18: Déanann an scoláire breathnú agus measúnú ar eachtraí agus ar phróisis eimpíreacha agus baineann tátail agus cinní bailí astu.			

Pléigh le duine de do chomhghleacaithe ceann acu seo a d'úsáidfeá go minic.

Príomhscileanna na Sraithe Sóisearaí



Gnéithe príomhscile a bhaineann leis an Tíreolaíocht

Meaitseáil an phríomhscil leis na samplaí de ghníomhaíochtaí foghlama féideartha scoláirí ar an gcéad leathanach eile.

An príomhscil	Samplaí de ghníomhaíochtaí foghlama a bhféadfadh an scoláire tabhairt fúthu
A bheith cruthaitheach	
A bheith liteartha	
A bheith uimheartha	
Cumarsáid	
Eolas agus smaointeoireacht a bhainistiú	
Mé féin a bhainistiú	
Fanacht folláin	
Obair le daoine eile	

1) Bíonn meas ag an scoláire ar an éagsúlacht chultúrtha.

2) Oibríonn an scoláire i bhfoireann chun tionscadal faoi ghníomhaíochtaí geilleagracha ina c(h)eantar a chur i gcrích.

3) Éistean an scoláire le tuairimí difriúla agus téann sé i mbun comhoibriú chun cur i láthair a phleanáil i dtaobh aighneas tionscail agus comhshaoil.

4) Déanann an scoláire an mheánbháisteach thar thréimhse áirithe a thomhas, a thaifeadadh agus a ghrafadh trí úsáid a bhaint as méadar báistí.

5) Roghnaíonn an scoláire ábhar a bhfuil spéis aige ann lena fhiosrú – bunaithe ar ábhar foghlama a chlúdaigh siad.

6) Déanann an scoláire iniúchadh ar chruthú agus iompar hairicín.

7) Baineann an scoláire úsáid as fiseáin agus beochaintí chun athrú daonra a mhíniú.

8) Déanann an scoláire iniúchadh ar bhunús a bhaile nó a shráidbhaile.

9) Foghlaimíonn an scoláire faoi cheisteanna domhanda ar nós athrú aeráide agus fiosraíonn sé roghanna maidir le maolú agus cosc.

10) Déanann an scoláire díospóireacht ar an tslí a n-imríonn forbairt gheilleagrach tionchar ar dheiseanna an duine óig.

11) Comhoibríonn an scoláire lena p(h)iaráí chun tionscadal faoin úsáid inbhuanaithe as acmhainní na hÉireann a ullmhú.

12) Sannann an scoláire ról agus beartaíonn sé grúphtionscadail.


13) Déanann an scoláire anailís ar ghréasáin lonnaíochta.

14) Cruthaíonn an scoláire samhlacha chun an dóigh a gcruthaítear fillslábhte a mhíniú.

15) Bíonn an scoláire freagrach, sábháilte agus eiticiciúil nuair atá na meáin dhigiteacha á n-úsáid aige chun taighde a dhéanamh ar thopaic thíreolaíochta.

16) Déanann an scoláire plé ar an tionchar atá ag gníomhaíochtaí an duine ar athrú aeráide.

Struchtúr na sonraíochta i dTíreolaíocht na Sraithe Sóisearaí



Feasacht Tíreolaíochta

Feasacht tíreolaíochta:

Baineann sé sin le cumas an scoláire tuiscint dhomhain a fháil trí smaointeoireacht agus réasúnaíocht tíreolaíochta.

Idirghníomhaíochtaí

Is ionann idirghníomhaíochtaí agus idirghníomhaíochtaí idir daoine agus an timpeallacht

Idirnáisc

Is ionann idirnáisc agus an nasc idir daoine, áiteanna, timpeallachtaí, agus patrúin spásúla, trí naisc inláimhsithe fearacht bóithre nó trí naisc dholáimhsithe fearacht na polaitíochta.

Impleachtaí

Baineann impleachtaí leis an duine.

Na Gnéithe

Cuireann na gnéithe seo an dóigh a dtiocfaidh an scoláire isteach ar na torthaí foghlama sna snáitheanna in iúl. Tabharfaidh an scoláire aghaidh ar na torthaí foghlama trí gach ceann de na gnéithe:

Na Gnéithe	
Próisis, patrúin, córais agus scála	<p>Foghlaimíonn an scoláire faoin gcaoi a bhfoirmíonn agus a múnlaíonn próisis tíreolaíochta ár ndomhan fisiceach, comhshaoil agus sóisialta.</p> <p>Aithníonn an scoláire patrúin agus dáileadh feiniméan tíreolaíochta agus tagann sé/sí ar thuairimí bunaithe ar a c(h)uid torthaí. Áirítear leis 17 sin cosúlachtaí nó difríochtaí i dtaca le feiniméin a aithint, a anailísiú agus a mhíniú.</p> <p>Glacann an scoláire le cur chuige a cheanglaíonn na córais ar fad le chéile chun gnéithe casta a thuiscint.</p> <p>Déanann an scoláire staidéar ar thopaicí ar scálaí agus ar leibhéil éagsúla lena n-áirítear Éire, an Eoraip (AE) agus an Domhan.</p>
Scileanna tíreolaíochta Moltar imscrúduithe allamuigh, nuair is iomchuí.	<p>Léitheoireacht agus scileanna léirmhínithe: Déanfaidh an scoláire forbairt ar a ghrafacht trí:</p> <p>Mapáil: Scileanna cartagrafacha a bhaineann le scálaí éagsúla. Amharciómhánna: Spreagthaí amhairc éagsúla a léamh agus a léirmhíniú. Anailís ar Shonraí: Tacair shonraí éagsúla a léamh agus a léirmhíniú.</p> <p>Scileanna Feidhmeacha:</p> <p>Ceisteanna tíreolaíochta a chur: Chun dul i ngleic leis na príomhcheisteanna tíreolaíochta- cé, cad é, cén áit, cén uair, cén chaoi, cén fáth.</p> <p>Sonraí tíreolaíochta a iniúchadh: Sonraí a bhailiú ó fhoinsí éagsúla ar bhealaí éagsúla ar mhaithe le faisnéis a fhorbairt a chuirfidh bonn eolais faoi fhreagairtí.</p> <p>Sonraí tíreolaíochta a eagrú agus a léirmhíniú: Féadtar cineálacha éagsúla sonraí a scaradh agus a rangú i bhfoirmeacha grafacha físeacha: léarscáileanna páipéir agus ríomhghinte, nó íomhánna geospásúla éagsúla.</p> <p>Faisnéis tíreolaíochta a anailísiú: Maidir le faisnéis tíreolaíochta, lorgáitear patrúin, coibhneasa agus naisc.</p> <p>Faisnéis tíreolaíochta a chur i láthair: Eolas a bhainistiú agus a chur le chéile ionas go bhfuil sé soiléir agus gonta</p>
Inbhuanaitheacht	<p>Déanann an scoláire machnamh ar an gcothromaíocht idir an córas eacnamaíochta, timpeallachta agus sóisialta atá de dhíth chun dul i ngleic le riachtanais na linne seo agus gan iad a chur i mbaol don am atá le teacht.</p> <p>Tugann an scoláire suntas don chaoi ar féidir lena chinntí agus a ghníomhaíochtaí tionchar a bheith acu ar an inbhuanaitheacht áitiúil agus idirnáisiúnta.</p> <p>Déanann an scoláire machnamh criticiúil ar choincheapa agus ar nósanna reatha maidir le hinbhuanaitheacht.</p> <p>Déanann an scoláire forbairt ar an eolas, scileanna, iompair agus luachanna atá aige chun saol inbhuanaithe a chaitheamh.</p>

Torthaí Foghlama laistigh de na 3 Shnáithe

Is ráitis iad na torthaí foghlama a chuireann síos ar an eolas, an tuiscint, na scileanna agus na luachanna a ba chóir don scoláire a bheith ábalta a thaispeáint i ndiaidh dó staidéar a dhéanamh ar an tíreolaíocht sa tsraith shóisearach. Leagann an tsonraíocht amach gur le haghaidh trí bliana atá na torthaí foghlama agus dá bhrí sin, cé nach mbeidh torthaí foghlama a ndírítear orthu ag pointe ama ar leith ‘curtha i gcrích’ fós, leanfaidh siad orthu ag tacú le foghlaim an scoláire sa tíreolaíocht go dtí deireadh na sraithe sóisearaí. Cabróidh an liosta de bhriathra gnímh (Aguisín A) agus an ghluais (Aguisín B) chun tuiscint a fháil ar an méid a bhfuil súil leis ón scoláire i ngach toradh foghlama.

Snáithe 1: An domhan fisiceach a fhiosrú

Forbhreathnú gairid ar an snáithe

Tá sé mar aidhm ag an snáithe seo cuidiú leis an scoláire fiosrú a dhéanamh ar an dóigh a gcruthaítear agus a n-athraítear an domhan fisiceach. Forbraíonn an scoláire eolas agus scileanna a chabhraíonn leis an domhan fisiceach a thuiscint agus a mhíniú. Pléann an scoláire le topaicí a bhaineann leis an tíreolaíocht fhisiceach agus fiosraíonn sé an gaol atá eatarthu agus aon impleachtaí a d’fhéadfadh a bheith ag na topaicí sin do shaol an scoláire. Baineann an scoláire úsáid as a c(h)uid eolais agus scileanna chun tréithe spásúlachta agus foirmiú feiniméan sa domhan fisiceach a mhíniú.

Gnéithe	Torthaí foghlama Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:
Próisis, patrúin, córais agus scála Scileanna tíreolaíochta Inbhuanaitheacht	<ol style="list-style-type: none">1.1 cur síos a dhéanamh ar dhéanamh agus ar dháileadh domhanda na mbolcán, na gcreathanna talún agus na bhfillsléibhte ó thaobh teicteonaic phlátaí agus struchtúr an domhain de1.2 idirdhealú a dhéanamh idir catagóirí éagsúla de chineál carraige agus tagairt a dhéanamh do chomhdhéanamh agus d’fhoirmiú1.3 anailís a dhéanamh ar phróisis an tsíonchaithimh agus na hollghluaiseachta agus ar na tionchair atá acu ar an tírdhreach1.4 measúnú a dhéanamh ar chineálacha ithreacha ina cheantar áitiúil i dtaca le comhdhéanamh agus fásra1.5 míniú a thabhairt ar an gcaoi a múnlaíonn próiseas an chreimthe, an tsilleagain agus an iompair na timpeallachtaí abhann, mara agus oighir1.6 aeráidí domhanda a rangú agus anailís a dhéanamh ar na tosca a imríonn tionchar ar an aeráid in Éirinn1.7 iniúchadh a dhéanamh ar chruthú agus ar iompar teagmhais aimsire shuntasaiigh1.8 sonraí aimsire a bhailiú, a thairgeadh agus a léirmhíniú1.9 idirdhealú a dhéanamh idir na cineálacha acmhainní fuinnimh a ghineann an domhan fisiceach1.10 iniúchadh a dhéanamh ar raon na bpróiseas fisiceach atá gníomhach i láthair roghnaithe agus ar na naisc atá eatarthu

Snáithe 2: An chaoi a ndéanaimid teagmháil leis an domhan fisiceach a fhiosrú

Forbhreathnú gairid ar an snáithe

Tá sé mar aidhm ag an snáithe seo cuidiú leis an scoláire tuiscint a fháil ar an gcaoi a ndéanann daoine teagmháil leis an domhan fisiceach agus na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith aige sin dá shaol. Fiosraíonn an scoláire an tslí a mbraithimid ar an domhan fisiceach, an tslí a gcuirimid in oiriúint é agus an tslí a n-athraímid é. Baineann an scoláire úsáid as a chuid eolais agus scileanna chun an chaoi a ndéanaimid teagmháil leis an domhan fisiceach ar mhaithe le cúrsaí eacnamaíocha, agus an chaoi a dtéimid i dtaithí ar fheiniméin fhisiceacha, a mhíniú.

Gnéithe	Torthaí foghlama <i>Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:</i>
Próisis, patrúin, córais agus scála Scileanna tíreolaíochta Inbhuanaitheacht	<p>2.1 cur síos a dhéanamh ar an tionchar eacnamaíoch agus sóisialta a bhaineann leis an tslí a ndéanaimid teagmháil le tarlú bolcán, creathanna talún agus fillsléibhte</p> <p>2.2 measúnú a dhéanamh ar na hiarmhairtí comhshaoil, eacnamaíocha agus sóisialta a ghabhann le saothrú carraige agus acmhainní fuinnimh</p> <p>2.3 an chaoi a n-imríonn an tírdhreach fisiceach tionchar ar fhorbairt na bpríomhghníomhaíochtaí a aithint</p> <p>2.4 measúnú a dhéanamh ar shaothrú inbhuanaithe an uisce, na stoc éisc, na foraoiseachta, agus na hithreach mar acmhainní nádúrtha</p> <p>2.5 cur síos a dhéanamh ar ghníomhaíocht thánaisteach áitiúil i dtaca lena feidhm agus na tosa a imríonn tionchar ar a láthair</p> <p>2.6 scrúdú a dhéanamh ar na cúiseanna maidir le hathrú aeráide agus ar na himpleachtaí lena a bhaineann leis</p> <p>2.7 iniúchadh a dhéanamh ar shamplaí den dóigh a ndéanann daoine teagmháil le próisis dromchla agus den dóigh a ndéanann siad iad a bhainistiú</p> <p>2.8 iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi a ndéileálann daoine le tubaiste nádúrtha</p> <p>2.9 measúnú a dhéanamh ar an ngaol idir an domhan fisiceach, an turasóireacht agus iompar</p>


Snáithe 3: Daoine, áiteanna agus athruithe a fhiosrú

Forbhreathnú gairid ar an snáithe

Tá sé mar aidhm ag an snáithe seo cuidiú leis an scoláire fiosrú a dhéanamh ar dhaoine, áiteanna agus athruithe. Pléann an scoláire le topaicí a bhaineann le domhandú, forbairt, daonra agus idirspheáchas. Fiosraíonn an scoláire idirghaolmhaireachtaí agus na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag na topaicí sin dá s(h)aol. Baineann an scoláire úsáid as a c(h)uid eolais agus scileanna chun gréasáin lonnaíochta, uirbiú, déimeagrafaic agus forbairt an duine a mhíniú.

Gnéithe	Torthaí foghlama Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:
<p style="text-align: center;">Próisis, patrúin, córais agus scála Scileanna tíreolaíochta Inbhuanaitheacht</p>	<p>3.1 leas a bhaint as samhail an trasdula dhéimeagrafaigh chun saintréithe daonraí agus an tslí a n-athraíonn daonraí a mhíniú</p> <p>3.2 iniúchadh a dhéanamh ar cad is cúis le himirce agus ar na hiarmhairtí atá aici</p> <p>3.3 scrúdú a dhéanamh ar athrú daonra in Éirinn agus i dtír atá i mbéal forbartha</p> <p>3.4 na tosca a théann i bhfeidhm ar láthair agus ar bhunús na lonnaíochtaí tuaithe agus uirbeacha in Éirinn a mheas</p> <p>3.5 scrúdú a dhéanamh ar cad is cúis le hathrú uirbeach i mbaile nó i gcathair in Éirinn agus ar na hiarmhairtí a ghabhann leis</p> <p>3.6 patrúin dhomhanda d'fhorbairt gheilleagrach a aithint</p> <p>3.7 comparáid a dhéanamh idir na deiseanna saoil atá ag duine óg i dtír atá forbartha – i dtaca le comhionannas inscne, cúram sláinte, fostaíocht agus oideachas – agus duine óg i dtír atá i mbéal forbartha i dtaca leis na deiseanna céanna sin</p> <p>3.8 measúnú a dhéanamh ar ról an chúnaimh fhorbartha maidir le forbairt an duine</p> <p>3.9 a chuid foghlama faoi dhaonra, lonnaíocht agus forbairt an duine laistigh de phróiseas an domhandaithe a tharraingt le chéile</p>

Torthaí Foghlama a Spíonadh Amach



Aonad Oibre “Mise agus Abhainn na Laoi”

Ainm an Aonaid: “Mise agus Abhainn na Laoi”	Na Príomhthorthaí Foghlama laistigh den aonad seo: 1.5 Míniú conas a mhúnlaíonn próisis an chreimthe, an tsil-leagain agus an iompair ar dtírdhreach srutha. 2.3 Sainaithin conas a imríonn an tírdhreach fisiceach tionchar ar fhorbairt gníomhaíochtaí príomhúla agus eacnamaíocha. 2.7 Iniúch samplaí den chaoi a mbíonn daoine ag plé le próisis dromchla agus den chaoi a ndéanann siad iad a bhainistiú. 3.4 Cuimhnigh ar na tosca a imríonn tionchar ar láthair agus ar bhunús lonnaíochtaí tuaithe agus uirbeacha in Éirinn.
--	---

Briathra Gnímh:

Míniú: mionchuntas a thabhairt lena n-áirítear fáthanna nó cúiseanna

Sainaithin: patrúin, fíricí nó sonraí a aithint; freagra a sholáthar ó roinnt féidearthachtaí; fíoras nó gné shainiúil a aithint agus a lua go hachomair.

Iniúch: breathnú, staidéar, nó mionscrúdú córasach a dhéanamh, chun fíricí a chinntiú agus teacht ar chonclúidí úra.

Meas (cuimhnigh ar...): cur síos a dhéanamh ar phatrúin i sonraí; eolas agus tuiscint a úsáid chun patrúin a léirmhíniú, tuartha a dhéanamh agus iontaofacht a sheiceáil.

Faoi dheireadh an aonaid beidh sé ar chumas scoláirí:

- Meabhrú conas a d’imir Abhainn na Laoi tionchar ar láthair agus ar bhunús na lonnaíochta san am atá thart, ag úsáid lonnaíocht mhainistreach i nGuagán Barra mar shampla.
- Meabhrú conas a imríonn Abhainn na Laoi tionchar ar lonnaíocht an lae inniu ag úsáid samplaí de shráidbhailte áitiúla (Inse Geimhleach), bailte móra (Maigh Chromtha /Baile an Chollaigh) agus cathair Chorcaí.
- Próisis an chreimthe, an tsil-leagain agus an iompair i suíomh uisce a thuiscint
- A mhíniú conas a mhúnlaíonn na próisis sin tírdhreach Abhantrach na Laoi.
- Patrúin a aithint inar féidir na próisis a fheiceáil ag imirt tionchar ar thírdhreach Abhantrach na Laoi.
- An tionchar a thuiscint a bhíonn ag Abhainn na Laoi ar fheirmeoireacht, ag úsáid Mozzarella Dhroichead na Toinne mar chás-staidéar (ar féidir foraoiseacht sna ceantair arda a chur leis mar chineál difriúil tionscal príomha)
- Forbairt Damba Inis Cara a thuiscint, conas agus cén fáth ar tógadh é, agus an tionchar a bhí aige ar phróisis Abhainn na Laoi, suas agus síos an abhainn araon.
- Bearta rialúcháin tuilte i gCathair Chorcaí a fhiosrú.

Gnéithe a chuireann bonn eolais faoin Teagasc:

<p>Próisis, patrúin, córais agus scála</p> <ul style="list-style-type: none"> Tionchar Abhainn na Laoi ar leibhéal áitiúil agus náisiúnta (gníomhaíochtaí eacnamaíocha) Scrúdú a dhéanamh ar phróisis an chreimthe, an iompair agus an tsil-leagain 	<p>Scileanna Tíreolaíochta</p> <ul style="list-style-type: none"> Scrúdú a dhéanamh ar mhapaí stairiúla agus nua-aimseartha, chomh maith le mapaí satailíte, de ghleanna na Laoi Ceisteanna tíreolaíochta a chur Sonraí a bhailiú ó fhoinsí éagsúla (Tuilte Corcaí agus an t-aighneas maidir le cosaint ar thuilte) 	<p>Inbhuanaitheacht</p> <ul style="list-style-type: none"> An caidreamh a mheabhru idir muintir na háite agus Abhainn na Laoi Todhchaí na lonnaíochtaí a mheabhru suas an abhainn ón damba Machnamh criticiúil a dhéanamh ar na cleachtas reatha agus phleanáilte i dtaca le tuilte Abhainn na Laoi
--	---	---

An áit a mbíonn feasacht tíreolaíochta le feiceáil:

<p>Idirnaisc – tuigfidh scoláirí gurb é próiseas nádúrtha na dtuilte faoi deara easpa lonnaíochta sa chuid íochtarach den tuilemhá.</p>	<p>Impleachtaí – tuigfidh scoláirí an éifeacht a bhíonn ag abhainn ar an timpeallacht nádúrtha:</p> <ul style="list-style-type: none"> Mar acmhainn nádúrtha is féidir a úsáid sa bhaile agus i gcúrsaí talmhaíochta araon. 	<p>Idirghníomhaíochtaí – tuigfidh scoláirí tionchar idirghníomhaíochtaí an duine:</p> <ul style="list-style-type: none"> Is sampla e an Damba ag Inis Cara de chur isteach daonna, a chabhraigh le próisis na habhann an chuid íochtarach den abhainn a athrú.
--	---	--

Samplaí den chaoi a bhforbraítear Príomhscileanna na Sraithe Sóisearaí:

Príomhscil	Gné na Príomhscile	Sampla den áit a bhforbraítear í sa seomra ranga tíreolaíochta
A bheith uimheartha	Patrúin, treochothaí agus coibhneasa a fheiceáil	Déanann scoláirí anailís ar phatrúin lonnaíochta feadh na habhann
A bheith cruthaitheach	Foghlaim go cruthaitheach	Dearann agus cruthaíonn scoláirí póstaer ina gcuireann siad gnéithe na habhann a ndearna siad staidéar orthu.

Bealaí féideartha chun seiceáil isteach ar an bhfoghlaim:

- Aithníonn scoláirí gnéithe, próisis, lonnaíocht, gníomhaíochtaí eacnamaíocha (m.sh. líníocht, íomhána satailíte, mapa)
- Gnóthachtáil choincheapa
- Gnéithe difriúla tugtha do ghrúpaí m.sh. 1) – éifeachtaí dearfacha nó 2) – éifeachtaí diúltacha le hidirghníomhú an duine le hAbhainn na Laoi (m.sh. díospóireacht, cur i láthair)

Athmhachnamh:

Ceisteanna féideartha athmhachnaimh le cur san áireamh: ●Cad é a d'oibrigh go maith?

●Cad é is féidir a fheabhsú? ●Conas is féidir é a fheabhsú?

*Athmhachnamh ar Thíreolaíocht na Sraithe Sóisearaí: Pleananna
Gníomhaíochta*

Rudaí is Gá dom a chur san Áireamh le haghaidh Teagaisc
agus Foghlama i mó Sheomra Ranga

Gnéithe ar féidir linn oibriú orthu i gComhar le Chéile mar
Roinn Ábhair Tíreolaíochta

Príomhstraitéisí agus Acmhainní

Acmhainní a úsáideadh i rith an lae inniu agus chun an cheardlann seo a fhorbairt

Uirlis	URL Aimsitheoir Aonfhoirmeach Acmhainne	Cur síos	Cén chaoi a bhféadfaí é seo a úsáid le mo chuid scoláirí sa tSraith Shóisearach?
Seiceáil Isteach Chiúin		Tugann sé seo deis do scoláire machnamh a dhéanamh ar a c(h)uid tuisceana agus eolais gan aon iallach a bheith air é sin a roinnt lena p(h)iaráí.	
Ransú Smaointe	http://jct.ie/wholeschool/classroom_strategies	Is próiseas é an Seisiún Tobsmainteoireachta ina spreagtar scoláirí chun smaointe a ghiniúint ar dhóigh chruthaitheach. Tugann sé an deis do scoláirí ceangal a dhéanamh le heolas a bhí acu roimhe agus naisc a dhéanamh leis an topaic reatha.	
Mentimeter	https://www.mentimeter.com/	Tríd an straitéis seo is féidir le múinteoir eolas a mheas agus seiceáil isteach le scoláirí ag úsáid cineálacha éagsúla ceisteanna, m.sh. ilrogha, oscailte, néalta focal a chruthú ó phríomhfhocail, scálaí, quiozanna agus tuilleadh nach iad.	
PowToon	https://www.powtoon.com/home/	Tríd PowToon is féidir físeáin agus cuir i láthair bheochana a chruthú. Is féidir le húsáideoirí láithreoireachtaí beoite a chruthú trí ionramháil a dhéanamh ar rudaí réamhchruthaithe, íomhánna iompórtáilte, ceol soláthraithe agus Guthuithe a chruthaíonn an t-úsáideoir.	
Puzal Tarsia (Heicseagán)	http://www.mmlsoft.com/index.php/products/tarsia	Is clár maith é seo inar féidir puzal a dhéanamh le haghaidh ábhar ar bith, cé gur dearadh le haghaidh an mhata é. Sa Tíreolaíocht is féidir é a úsáid le haghaidh príomhthéarmaí agus sainmhínte agus a lán eile.	
Míreanna Mearaí	http://jct.ie/wholeschool/classroom_strategies	Is gníomhaíocht foghlama chomhoibríoch í seo. Déanann scoláirí foireann baile díobh féin agus tugtar fadhb foireann bhaile dóibh. Scarann siad ansin ina ngrúpaí ‘saineolaithe’ agus faigheann siad eolas a chuirtear ar ais isteach san fhadhb ghinearálta. Faoi mar atá i míreanna mearaí, tá cuid eolais gach scoláire riachtanach chun fadhb na foirne baile a réiteach agus tuiscint iomlán a fháil uirthi.	

Príomhstraitéisí agus Acmhainní

Meabhairmhapa	https://coggle.it/ https://imindmap.com/	Is modh cruthaitheach agus loighciúil chun nótaí a bhreacadh agus nótaí a dhéanamh é an mheabhairmhapaíl, ina mapáiltear amach do chuid smaointe. Bíonn struchtúr nádúrtha eagrúcháin ag meabhairmhapaí a ghathaíonn amach ón lár agus ina n-úsáidtear línte, siombailí, focail, dath agus / nó íomhánna.	
Móide, Lúide agus Suimiúil (PMI)		Is uirlis smaointeoireacht chriticiúil í MLS/PMI (Móide, Lúide agus Suimiúil) a spreagann rannpháirtithe i mbun plé le hamharc ar smaointe ó thaobhanna difriúla. Tig le straitéis MLS cuidiú leat: <ul style="list-style-type: none"> ▪ teacht ar smaointe trí thobsmointeoireacht ▪ cinntí a dhéanamh go gasta trí dhá thaobh an scéil a anailísiú agus a chur sa mheá ▪ meabhrú nó meastóireacht a dhéanamh ar tháirge nó ar phróiseas agus an gníomh déanta ▪ láidreachtaí agus laigí a aithint le haghaidh feabhsúcháin amach anseo. 	
Gnóthachtáil Choincheapa		Is straitéis teagaisc í seo atá bunaithe ar chuid oibre Jerome Bruner. Úsáidtear próiseas fiosrúcháin struchtúrtha sa ghnóthachtáil choincheapa chun scoláirí a spreagadh i mbun plé le go n-oibreoidh siad amach coincheap atá roghnaithe ag an múinteoir cheana.	
Smaoinigh. Péireáil. Roinn.	http://jct.ie/wholeschool/classroom_strategies	Tá an straitéis seo ceaptha chun am agus struchtúr a thabhairt do scoláirí le smaoinemh a dhéanamh ar thopaic áirithe, a chur ar a gcumas smaointe ar leith a fhorbairt agus na smaointe sin a roinnt le piraí.	
Pictiúir	http://photosforclass.com http://www.pics4learning.com https://pixabay.com https://unsplash.com	Is suíomhanna iad seo inar féidir leat teacht ar íomhánna atá saor ó chóipcheart agus ata oiriúnach le haghaidh timpeallachtaí scoile.	
Suíomhanna Úsáideacha eile	http://jct.ie http://www.ncca.ie/en/ http://www.curriculumonline.ie/ http://www.pdsttechnologyineducation.ie/en/ https://www.scoilnet.ie/ https://maps.scoilnet.ie/		

Tíreolaíocht na Sraithe Sóisearaí

Feasacht Tíreolaíochta Gnéithe

Impleachtaí
 Scileanna Tíreolaíochta

Idirnáisc
 Próis, patrúin, córais & scéala

Daoine, áit agus athrú a fhiosrú

An domhan fisiceach a fhiosrú

Fiosrú a dhéanamh conas a bhítear ag idirghníomhú leis an domhan fisiceach

Gnéithe
 Patrúin, próis, córais & scéala
 Scileanna tíreolaíochta
 Inbhuanaitheacht

Inbhuanaitheacht
 Idirghníomhaíochtaí

3.1 Samhail den trasdul déimeagrafach a úsáid chun saintréithe daonraí agus an tsli a n-athraionn daonraí a mhíniú

3.2 Iníochadh a dhéanamh ar cad is cúis le himirce agus ar na hiarbhairtí atá léi

3.3 Athrú daonra in Éirinn agus i dtír atá i mbéal forbartha a scrúdú

3.4 Na tosca a théann i bhfeidhm ar láthair agus ar bhunús na lonnaithe tuaithe agus uirbeacha in Éirinn a mheas

3.5 Scrúdú a dhéanamh ar cad is cúis le hathrú uirbeach agus ar na hiarbhairtí a ghabhann leis

3.6 Patrúin dhomhanda den fhorbairt ghéilleagraic a aithint

3.7 Comparáid a dhéanamh idir na deiseanna saoil atá ag duine óg i dtír atá forbartha ó thaobh an ghéilleagraic de – i dtaca le comhionannas inscne, córais sláinte, fostaíocht agus oideachas – agus duine óg i dtír nach bhfuil chomh forbartha céanna

3.8 Measúnú a dhéanamh ar ról an chúnamh forbartha maidir le forbairt an duine

3.9 A chuid foghlama faoi dhaonra, lonnaithe agus forbairt an duine laistigh de phróiseas an domhandaithe a tharraingt le chéile

1.1 Cur síos a dhéanamh ar tharlú agus ar dháileadh domhanda na mbolcán, na gcreathanna talún agus na bhfillislibhte ó thaobh teicteonaic phlátaí agus struchtúr an domhain de

1.2 Idirdealú a dhéanamh idir catagóirí éagsúla de chineálí carraige agus tagairt a dhéanamh do chomhdhéanaimh agus dhéanaimh

1.3 Anailís a dhéanamh ar phróiseas an tsionchaitheimh agus na hollghluaiseachta agus ar an tionchar atá acu ar an tírdhreach

1.4 Measúnú a dhéanamh ar líthir ina cheantar áitiúil i dtaca le comhdhéanaimh agus fáisra

1.5 Míniú a thabhairt ar phróiseas an chreimthe, an tsil-leagaim agus an iompair a mhúnlóir an tírdhreach agus na gnéithe a oasraíonn as na próis sin i dtimpeallachtaí abhann, mara agus oighir a aithint

1.6 Aeráidí domhanda a rangú agus anailís a dhéanamh ar na tosca a imríonn tionchar ar an aeráid in Éirinn

1.7 Iníochadh a dhéanamh ar chruthú agus ar iompair teaghnas almsire suntasach

1.8 Sonraí almsire a bhailiú, a thailfeadh agus a léirmhíniú

1.9 Iníochadh a dhéanamh ar raon na bpróiseas fisiceach atá gníomhach i láthair roghnaithe agus ar na naisc atá eatarthu

1.10 Idirdealú a dhéanamh idir na cineálacha acmhainní fuinnimh a gheineann an domhan fisiceach

2.1 Cur síos a dhéanamh ar an tionchar géilleagraic agus sóisialta a bhaineann leis an tsli a ndéanamid teagmháil le tarlú bolcán, creathanna talún agus fillislibhte

2.2 Meastóireacht a dhéanamh ar iarmhairtí comhshaoil, eacnamaíochta agus sóisialta an tsaothraithe carraige agus acmhainní fuinnimh

2.3 An chaoi a n-imríonn an tírdhreach fisiceach tionchar ar fhorbairt na bpríomhghníomhaíochtaí a aithint

2.4 Measúnú a dhéanamh ar thionchar agus ar shaothrú inbhuanaithe an uisce, na stoc éisc, na foraoiseachta, agus na hitheach mar acmhainní

2.5 Cur síos a dhéanamh ar ghníomhaíocht thánaisteach áitiúil i dtaca lena feidhm agus na tosca a imríonn tionchar ar a láthair

2.6 Scrúdú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí an duine is cúis le hathrú aeráide agus ar na himpleachtaí

2.7 Samplaí a fhiosrú den chaoi a mbíonn daoine ag idirghníomhú le próis dromchla agus á mbaististiú

2.8 Iníochadh a dhéanamh ar an gcaoi a ndéileánn daoine le tubaiste nádúrtha

2.9 Measúnú a dhéanamh ar an ngaol idir an domhan fisiceach agus an turasóireacht